

OIREAD CEANN M'ORDÓIGE

35

Bean a bhí ann, nach raibh aon duine cloinne aice ariamh, ná ag a fear agus bhí sí lá ina suidhe sa seomra. "Iarraim ar Dhia agus ar Mhuire", adeir sí "go gcuiridh Dia, oiread ceann m'ordóige, de mhaicín annseo agam".

"Tá mé annseo", adeir sé, ag labhairt thíos ar an teallach agus soise sa seomra thiar.

"Goirim fhéin agus coisricim, mo mhaicín ó", adeir an mháthair.

"An mbeadh sé de mhisneach a'd a dhul le n-a dhinnéar ag t'athair".

"Tá fhios a'm go bhfuil", adeir sé.

"Céard a bheadh orm".

Shocruigh sí suas dinnéar d'fhear agus leag sé ar mhias é. Leag sí an mhias ar a mhullach. Ní raibh aon duine ag obair, idir an áit a rabhadar agus an áit a raibh a athair, nach bhfaca an mhias ar an mbealach agus ní raibh fhios acab céard a bhí dá hiomchur.

36

Nuair a chonnaic an t-athair an mhias ag teacht, níor fhan sé congarnach le go bgfeicfeadh sé céard a bhí dhá iomchur.

Bhí Oiread Ceann m'Ordóige ag blaodhach ar a athair agus ní fhanfadh seisean leis. Nuair nach bhfanfadh, chas sé abhaile aríst. Tháinig sé isteach ag a mháthair aríst agus an dinnéar ar a mhullach aige. D'innis sé dí nach bhfanfadh an t-athair leis.

"Nuair nach bhfanfadh", adeir an mháthair, "déanfaidh sé dá uireasbha. "Measann tú", adeir a mháthair nuair a tháinig sé deirneach an mbeadh sé de mhisneach dhul i gcoinne bó dom.

"Tá fhios a'm go bhfuil", adeir sé.

37

Chuaidh sé amach agus nuair a bhí sé ag teacht agus an bhó aige, tháinig mór mór báistighe air. Chuaidh sé isteach faoi chupóig shráide, ag leigean an mhúir thairis. Bhí an bhó ag ithe go dtáinig sí san áit a raibh an chupóig. Shluig sí an chupóig agus Oiread Ceann m'Ordóige.

Nuair a tháinig an t-athair abhaile sé an chaoi a raibh an bhean, bhí sí ag caoineacháin roimhe. Ní raibh fhios aige céard a bhí uirthi. Bhí an bhó ceangailte istigh aice.

"Céard tá ort", adeir an fear, nuair a tháinig sé fhéin isteach.

D'innis sí dhó gurbh Oiread Ceann m'Ordóige de mhaicín a bhí aice. "Chuir mé chugat-sa le do dhinnéar é agus níor fhan tú leis. Chuir mé i gcoinne na bó é, nuair a tháinig an deireannas agus ní fheicfidh mé arís go deo é" adeir sí.

38

Tá mé annseo a mháthair adeir sé agus é istigh i méadal mór na bó.

Marbhuigheadh an bhó ar an bpointe agus tugadh amach as a bolg é.

I mbárach a bhí an mháthair ag déanamh putógaí na bó suas, nuair a bhíodar deanta suas aice d'fhiafruigh sí a mbeadh sé de mhisneach aige dhul le mias de na putógaí i gceann a aunt, i gceann a dreithíre fhéin.

"Tá fhios go bhfuil", adeir sé .

"Céard a bheadh orm".

Shocruigh sí an mias putógaí ar a chloigeann. D'imthigh leis agus í aige. Tháinig múr eile báistighe air. Nuair a tháinig an múr, chuaidh sé isteach i gceann de na putógaí, go gcaithfeadh sé an múr. Bhí ceannaidhe ag dul thart a raibh mála mór éadaigh agus airgid aige.

39

Casadh an mias putógaí i lár an bhóthair dhó.

"Muise míle buidheachas le Dia", adeir sé "nach maith an tráth a casadh orm iad le n-ithe dom", ag leagan a mhála dhe agus ag tarraingt a sgian amach.

An chéad cheann de na putógaí ar tharraing sé a sgian uirthé is innte istigh a bhí Oiread Ceann m'Ordóige.

"Céard tá tú a dhul a dhéanamh", adeir Oiread Ceann m'Ordóige. Níor fhan an ceannaidhe níos fuide, agus níor fhan sé, leis an mála a thabhairt leis.

D'imthigh le Oiread Ceann m'Ordóige arís go dtáinig sé go dtí an aunt isteach. Nuair a chonnaic an aunt an mias ag teacht isteach sa dorus aice agus nach raibh tada eile le feicéal aice, thuit sí féin i lagar.

40

Níor fhan Ceann m'Ordóige go ndúisigheadh sí. D'fhág sé annsin í agus chuaidh sé féin amach, ag coibhlint go dtí an mála. Thug sé mála an cheannaidhe abhaile, go dtí n-a mháthair. Bhí an oiread éadaigh agus airgid sa mála agus nár theastuigh uaidh dul amach níos mú. D'fhan sé i n-éinfheacht le n-a mháthair.

10/10/1931